

Kathleen O'Toole  
Cathaoirleach  
An Coimisiún um Thodhchaí na Póilíneachta in Éirinn  
An Dara hUrlár  
Teach Faiche Stiabhna  
Ardán Phort an Iarla  
Baile Átha Cliath 2.  
D02 PH42

09 Aibreán 2018

A Chathaoirligh, a chara,

Beatha agus Sláinte.

Ar dtús ba mhaith liom an obair atá déanta agat féin agus ag an gCoimisiún a thréaslú leat. Is léir go bhfuil obair mhór ar súil agaibh agus guím gach rath ar an obair sin sna míonna amach romhainn.

Tá sé tugtha chun m'aire, áfach, gur beag tagairt atá déanta do chúrsaí Gaeilge agus Gaeltachta le linn an phróisis go dtí seo. Ní thagann an Coimisiún um Thodhchaí na Póilíneachta in Éirinn faoi mo scáth oibre go díreach mar Choimisinéir Teanga agus is ar bhonn cúirtéise mar sin go mba mhaith liom roinnt eolais ar an ábhar a chuir faoi bhráid an Choimisiúin.

Tá dhá phíosa reachtaíochta a bhaineann le ceist na Gaeilge nár mhiste a áireamh in aon phlé faoi thodhchaí na póilíneachta in Éirinn dar liom:

(1) alt 33(2) d'Acht an Gharda Síochána 2005 agus

(2) an scéim teanga reachtúil atá daingnithe ag an Aire Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta don Gharda Síochána.

Leagan Alt 33(2) dualgas ar Choimisinéir an Garda Síochána a chinntiú, chomh fada agus is féidir, go bhfuil Gaeilge ar a dtoil ag comhaltaí don Gharda Síochána atá lonnaithe i gceantair feidhme a áiríonn ceantair Gaeltachta:

*"The Garda Commissioner shall, to the extent practicable, ensure that members of the Garda Síochána stationed in a district that includes a Gaeltacht area are sufficiently competent in the Irish language to enable them to use it with facility in carrying out their duties."*

(Is i mBéarla amháin atá fáil ar Acht an Garda Síochána 2005.)

Oifig an Choimisinéara Teanga




I dteannta na ndualgas in Acht an Gharda Síochána agus na gnáth dualgais a thiteann ar chomhlachtaí poiblí go ginearálta faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla, An Garda Síochána ina measc, áirítear ábhair ar leith i scéim teanga reachtúil an Garda Síochána. I measc na n-ábhar sin tá ceapadh Oifigeach Gaeilge agus seirbhísí nó ábhair i nGaeilge i gcomhthéacs suíomh gréasáin/preas ráitis; foireann i gceantair Gaeltachta; daoine ag tabhairt cuairte ar Stáisiúin; foirmeacha iarratais agus ar-líne; seirbhísí fóin agus Fógraí Muirear Seasta. Tá cóip den scéim teanga faoi iamh leis an litir seo, mar eolas.

Is léir mar sin go bhfuil socruithe reachtúla déanta maidir le soláthar seirbhísí i nGaeilge ón nGarda Síochána a chaithfidh An Garda Síochána a chomhlíonadh anois agus san am atá le teacht, sa Ghaeltacht agus lasmuigh den Ghaeltacht, a shíl mé ar chóir dom cur faoi do bhráid agus plean do thodhchaí na póilíneachta á n-ullmhú.

Sa gcás freisin go mbíonn cruinnithe poiblí á reáchtáil amach anseo maidir le todhchaí na póilíneachta in Éirinn níor mhiste, creidim, cruinnithe i nGaeilge á n-eagrú, mar aon le cruinniú i gceantar Ghaeltachta, chun a chinntiú go bhfuil dearcadh muintir na Gaeltachta agus na Gaeilge áirithe in aon chur chuige nua don Phóilíneacht in Éirinn. Is cinneadh é sin don Choimisiúin féin dar ndóigh.

Bheinn buíoch ach aird an Choimisiúin a dhíriú ar na ceisteanna thábhachtacha seo. Tá mé ar fáil le plé a dhéanamh ar an ábhar ag am a fheileann don Choimisiúin, má síleann na comhaltaí go mbeadh a leithéid ina chúnaimh.

Is mise, le meas,



Rónán Ó Domhnaill  
An Coimisinéir Teanga